

RABHARTA MÓR NA N-ÉAN

na geabhróga
an fheadóg fáinne
roilleach
cailleach dhubh ar an h-alltracha
broigheall ar na crainnte
crosán, muir agus bainéadach ar na
strapúi éan guirainn agus cáróg
ins na puill faoi thalamh
oileán na gcaróg
druimneach mór
agus faoileán glas alltracha

éanacha locha
na h-oileáin
faoileáin ina sgataí agus ina n-aonar
sailín, god a mhaoilín, laidrán dearg
na lachain
neamh coimhightheas na máithreacha
meanntáin ag teacht as an bpoll
dorcha

Óg na éan
Beathú na n-óg
Ceol na gcoileach

Tugann muinntir chlaidhacha an iarthair, rabharta mór na n-éan, ar rabharta na Bealtaine. Ní bhéidh rabharta eile chomh h-árd leis go dtí féile Michíl sa bhFóghmhair. Fágann sé snáth mara d'fheamainn, go h-árd ar an tráigh agus ar an duirling. Is ós cionn an trnátha mara sin, a ghníos éanacha claidhaigh a gcuid nead. Deirtear nach mbeireann said a gcuid ubh, go mbíonn an rabharta seo caithe, ar fhaithcíos go mbáithfidhe iad. (go deimhin báithtear uibheacha go minic ar chlaidaigh na loch, nuair a thagas tuile sléibhe). Sin é an t-úghdar atá ag gaeidhlgeoirí leis, an nabhairt a bhaisteadh, ar na h-éanacha.

Sí an tráigh is rogha leis na geabhróga, agus leis na feadóga fáinne, mar ionad guir. Thig na geabhróga chugainn san am, a mbíonn na geabhaí feadhaine ag imtheacht uain. Ní labhrainn an gheabhróg, go mbíonn an ghé ag imtheacht. Fanann cuimse acha, ar na cnamth beaga a bhfuil tráigh gainimh míne deasa ina dtimcheall, agus tugann cuid aca na lochanna móra orthu fhéin, le gor a dhéanamh ar na hoileáin bheaga. Sí an geobhróg gheal, an cinéal is fairsinge aca, ar chóstaí na hÉireann, agus níl tráigh ann gan a díol féin díobh ar feadh an ghiramhraidh. Is ar an tráigh uaigneach, agus ar na h-oileáin, a bhíos an nead acu. Nead gan sop ná caonach is gnáithe aca, agus na h-uibheacha leoitha, ar an ngainimh, nó i log agus i measg mionchloch na duirlinge, ós cionn an stnátha mara. An cineál céadna nide, ag an bfeadóg fháinne. Is ionann le slam beag clúmhaigh na h-éin óga, ag an bfeadóg fháinne. Is ionann le slam beag clúimhaigh, na h-éin óga, ag an bfeadóg bhig seo, agus oiread leis na h-uibheacha, is deacair iad a fhascál. Ní rud nó feicéalach ubh, nó éan óg, ar an ngainimh trágha, ná ar an duirling. Is gearr ar an síol iad, go bhfágann said log na nide agus má thig tú i n-aice le éan óg aca, leigeann sé bás bréige air fhéin. Nuair a thig neart beag ionta, bíonn an t-siubhal aca, agus is rí-dheachair teacht suas leo.

Siad na geabhróga na h-éanacha, is áiline ar an tráigh sa Samhraidh. Is iondúil ar eilteoig iad os cionn na tuinne, agus tá said chomh h-éaodtrom leis na féileacáin, san aér, ag chómh folruannch. Is ar shíol éisg agus ar iasganna bídeacha, a bheathuieas said na h-éin óga, agus iad fhéin. Níl snámh aca, ach is tomadóirí toghtha iad. Súil ghéar aca. Éirigheann said san eár, go bfeice said fútha an min-iasg, agus tuirlingheann said chomh díreach le cloch, go dtéirighe said faoi'n bpoll. Chídhfidh iad ag teacht aníos, go luath agus an t-iasg beag treasna sa nbob. Bíonn an ceann óg ar bhruach na tuinne, agus má choinnighís súil, ar an iasgaire, chidhfís é a díriú ar an áit, a bhfuil sé agus dhá bheathú.

Na h-oileáin farraige, atá gan cómhnaidhe daoinna orthu, feileann said do na h-éin, i n-aimsir guir. Bíonn Cruach na Caoile breac le faoileáin, sa mí seo, faoileáin ghlasa (f. na sgadán) agus faoileáin bhána. Tá farragáin agus stripaí na n-alltracha, faoi cluichí éanacha aille, an crosán, an muir, an bairéadac, an duibhean (cailleach dhubh) an bhroigheall, an druimneach mór, an saidhlsíor.

An té a dtiocfadh leis cuairt, a thabhairt ar oileán na gCóróg d'airigheadh sé cainnt bhídh as na gcáróg ag teacht ó na puill, faoi thalamh, san oidhche, agus chídheadh sé na h-éanacha giubhrainn agus leath an oileáin fútha féin, ag teacht agus ag imeacht aníos as a bpluaiseanna fhéin. Tá an t-oileán baiste ar na cánóga agus an nGaedeal agus an éin guibreinn ag an nGaill. Má shuidheann tú scathamh ar charn Dhúin Aonghusa nó ar bharr Alltracha an Mhóthairn cídheadh tú pobal na hAlltracha, ar a mine géire, cuid aca ag teacht

agus ag imtheacht agus cuid eile aca go socair suimhneach, ar an straita lom, mar ní bhíonn sop beag ná mhóir faoi uibh an éin aille. Bhéidh an fharraige cháithte ag dul aníos chomh fadha leis na goraidthe ach, an tonn fhéin, ní chuirfeadh sí de'n uibh iad, ná an gala, ach sgannróchaidh cloch nó urchor iad.

Fadó ariamh bhíodh muinntir Árann, ag dhul síos an aill ag marbhú éin le haighaidh an chlúmhaigh agus ag tógáil ubh lena n-ithe. Tá pluaiseanna i n-éadan na h-aille ina ndéanann an colm aille gor, pluaiseanna dorchá bréanna, agus théigheadh na h-alleadóirí isteach ins na pluaiseanna ag marbhú na gcolm.

Sí an roilleach an t-éan is greadannta ar foirimeall na duirlinge agus ar na h-oileáin a bhfuil cladhaigh déanta orthu. Seo í "an gobadán" nach dtig léithe an dá thráigh a fhreastal. Sí a thug a snámh don fhaoileán, ach má bhí sí oinseamhail sa méid sin, tá sí an-ghlic i gcúrsaí guir. Is deacair ar fad na huibheacha a aithneachtáil, thar na clocha beaga cruinne, ar a mbíonn siad leagtha.

Ag shiubhal na gcuan do dhuine, chídfidh sé éanacha cladaigh agus aille ar fad agus iad ag iasgach (ina n-éan is h-éan) ina n-aonar, na bpéire, ina gcluichí. Aithneachaidh sé an gionéad ar a dhath, is ar a mheid agus ar a mhodh iasgaireachta.

Aitheochaidh sí an crosán ar a leath bán agus é ar eilteoigí agus an t-éan giubhrainn ar a ghob daithte giortach reamhar. Is beagnach mar a chéile ina dtoirt agus ina déanamh, an mur agus an bairéadach ach gur dorchá an bairéadach. Tá an stadhan éan le feicéal ar fud an chuain, ó Oileán na gCaorach go hOileán an Dá Bhruithneóig. Nuair a thig an síol éisg go huachtar uisge ina mheall, cruinnigheann na héin ar fad chuige, ina gcéadta. Chídhfir iad ag teacht as gach árd. Beidh suas le míle éan timcheall ar an meall. Cuid acu faoi uisge, ag cuir an tsíl aníos, cuid aca sgiobadh éisg de bharr na tuinne, cuid aca ag tuirlingt ón aer, faitchíos ar an gcuid is mó acu druidim ró-ghar don mheall beo. Ach an cháróg léimfidh sí isteach i lár an chluiche éisg, go gcastaidh sí thart le na crúba iad. Bheidh an méirleach mara ar folruamhan, ar colbha an chluiche éan. Ní thógfaidh sé blas den uisge, fanfaidh sé go bhfeiceadh sé faoileán sáthach, ag imtheacht ina bhealach. Leanfaidh an méirleach mara é, agus tóirfidh sé an faoileán san éar, go gcaithfidh sé anuas as a iogán a bhéile. Béarfaidh an méirleach air shul má theangbhuigheann sé leis an uisge.

Tá Loch Coirb chomh fada fairsing le cuan fada fairrge, agus tá caomhaint agus folach do na mílte éan, ar oileáin an locha, agus ar na Sgairbh, agus ins na giolcacha. Tig mórán éanacha ón bhfarraige, le gor a dhéanamh ar na h-oileáin, agus ar tráigheannta an locha, an gheabróg, an fhendóg fhéinne, an druimneach beag, an druimneach mór fhéin, an ladráin dearg. Beidh pobal mór, druimneach beag i mbléin bhaile an duibh, i ndeire na míosa seo. Béidh sé deacair do dhuine siubhal ar oileán na Lárach Báine gan uibheacha a bhriseadh, béidh an oiread sin nead ag na faoileáin ceandubha, ar na tarthóga agus ar na clocha féin ann. Is iomdha áit a bhfuil ealta faoileán ceandubh cruinnighthe le chéile, le haghaidh an ghuir. Tá ealta mór aca le clois san oidhche agus le feicéal sa lá, i locha ar fud Chonamara. Béidh an faoileán bán go postamhail léithe féin ar ball, uaigneach i bhfad ón ngleo.

Níl aon áit a bhfuil folach ann, agus caoi le dhul ar an uisge, ar féidir a rádh, nach mbeadh nead ag lachain fhiadhain. Tá nead ag cuid aca i mbliana, istigh i mBaile na Gaillimhe.

Fanann siad socair ar feadh an lae agus má fhágann siad an nead ní fhilleann siad uirthé go dtí an claipsholus. (leig crannlacha ál mór aonrach ar mhullach crocán fhraoigh leath mhíle ón loch). B'éigin dhí iad a thabhairt as an uisce, sul má bhíodar dhá lá ar an saoghal. Tá boithrín ó mhullach an chnuic, go dtí bruach an locha. Thug sí amach ar an mbóthráin iad, le heirighe gréine, agus shiubhail léithe le fána agus an sguaidrín fada ina diadh go ndeacha sí thar na tuighthe, ar colbha an bhóithrín, gur ghabh sí treasna an bhóthair mhór, gur bhain sí amach an tanaidhe faoi na giolcacha, ar chiumhais an locha. Is iomdha cinéal lachan againn, a bhéas le feicéal an mhí seo. An ghairg glé-uaithé, an lacha dhubh, an slapaire, an phraslacha, an lacha fhada, a imthigheas uainn i mí Mheitheamh. Má chuartaigheann duine Poll an t-Sagairt, an mhí seo, cuirfidh sé leath chéad bardal amach as giolcacha.

Tá na healaidheacha chomh fairsing againn go bhfuil a cur as do na lacháin. Ní féidir leo na lachain a fhuilíngt ar aon uisce leo fhéin. An bheatha a fheileas don eala, tá sí fairsing i Loch Coirb agus tá áiteanna caoitheamhla sa loch le haghaidh guir. D'éirigh le eala nead a thógáil ar thortóig bhriste. Bhí meadhachán na nide ró-mhór, nó bhí tuile chomh tréan, i mbéal na habhann, gur sguabadh an nead don tortóig, gur imthigh sí amach ar an loch mór agus sheol an ghaoth roimpe í gur tháinig sí i dtír cúpla míle ón áit ar tógadh í. Bhí na huibheacha sa nid agus an eala dá gcaomhaint ar feadh an ama.

An chuach atá le clois, ar cholbha gach coille agus fáil ar fud an oileáin iath-ghlais, cothuigheann sí gach ball lom, i gConamara agus ar oileáin Árann. Is fusa go mór an chuachóg a fheicéal dhá bheathú ag an ngiolla cuaiche, in Eochaill na gCloch, nó ar leargan lom lorrúis Bhig, ná i lár na tíre.

Na h-éin imirce a tháinig chugainn i ndeas, an mhí seo caithte, tá siad ar a dicheall faoi láthair, iad fhéin agus ár n-éanacha dúthchais ag tógáil nead agus ag breith. Tá ceol na gcoileach ar a mhéid. Chonnaic mé an lá cheanna ins an gcrann ubhall a bhí faoi bhláth, an lasair coille, an glasán darach, an meanntáin gorm, an dreoilín easpuig.

Comhluadar meidhreach, gleoidhte, agus iad go cruadhógach ag marbhú míol agus cuileóg, i measg na mbláth. An chúimhnacht aoibhinn, a thig den duilleabhar faoi Bhealtaine, is docha go dtugann sí taithneamh don éan chomh maith leis an duine. Thugas cuairt ar phortach an Chluainín. Tá an tseanchóill leagha, agus ní fraoch a chlúduigheas an mhóin, ach fásalach de choll is dris is fearnóg. Bhí an ghilphíob le clos agam, agus an ceolaire cíbe. Chonnaic mé nead ag an gceolaire sailighe faoi thom driseacha. Bhí an tif-teaf ar fud na fó-choille, agus bhí nead an ghealbháin ghiolcaighe sgartha ar thom cíbe.

Thig cuid de na héanacha isteach chugainn le gur a dhéanamh ins na fáлта, is na garndhanta, agus ar thaobh an chlaidhe. Fanann cuid mhór aca i bhfad ón áitreabh daoine. Tabhair bóthair na móna ort fhéin, maidin nó trathnóna agus cuirfidh an naosgach fuagra uaidh, go bhfuil ar fághail. Cuirfidh an gealbhán buidhe agus an ghleoiseach fáilte romthat, agus labhróchaidh an chuach leat. Cluinfidh tú an tradhnach sa móinfhéar agus ní bheidh áit dhá uaignighe gan dreoilín agus spideóg. Cluinfidh tú agus chídhdhfidh tú na crotaiigh samhraidh, ar a dturas ó thuaidh. Má shiubhlann tú amach bóthar an locha, faoi mheadhan-oidhche, cluinfidh tú sgreadach na gcéadta faoileán on mhuing ag gob an locha, agus bheidh tú a fiafruigh dhíot féin, an ndéanann siad codladh ar bith, i n-aimsir an ghuir.

Seo é mí na n-óg agus rioghacht na n-éan seo í an mhí a bhfuil cruadhóg an domhain ar na sean-éanacha ag iarraidh beatha a sholáthair dá gclann. Is deacair ar fad beatha, bhog, bhlasta a fhágáil do chuid aca, agus na héin óga a leagtear amach ins na crainnte i n-áirde nó ins na puill dorchá, ins na ballaí, caitheamh siad achar fada sa nid, sul má thosúigheann siad a bailiú díobh fhéin. Nuair a thagas na cinn óga amach faoi sholas na gréine, bíonn siad go gleoite ar fad. Bíonn an clúmhach úr ortha agus ní bhíonn aon coimhthigheas ortha. Níl radharc is taitheanmhighe, ná deich gcinn de mheanntáin ghorma, suidhte le chéile, sa bhfál agus iad tar éis teacht as a n-árus sa mballa.